

Seirbhísí Dóiteáin na hÉireann Dréacht-Chreat Forbartha Náisiúnta 2010-2015





An Stiúirthóireacht Náisiúnta Bainistíochta Dóiteáin agus Éigeandála
National Directorate for Fire and Emergency Management

Clár na nÁbhar

Brollach		4
Caibidil 1	Réamhrá	5
Caibidil 2	Ról na Seirbhísí Dóiteáin sa tSochaí	7
Caibidil 3	Próisis agus Caighdeáin Náisiúnta	10
Caibidil 4	Foghlaim agus Forbairt na Foirne	13
Caibidil 5	Córais um Dhearbhú Cáilíochta agus Tuairisciú Feidhmíochta	15
Caibidil 6	Bonneagar na Seirbhíse agus Tacaíocht Reachtaíochta	16

Brollach



Mar Chathaoirleach na Stiúrthóireachta Náisiúnta Bainistíochta Dóiteáin agus Éigeandála, is údar áthais dom an Creat Forbartha Náisiúnta 2010 – 2015 a chur i láthair an Uas. Phil Hogan T.D. Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Is é is aidhm leis an gCreat seo seirbhísí comhleanúnacha éifeachtacha a fhorbairt lena bhféachfar go dícheallach le pobail a choinneáil sábháilte ó dhóiteán. Tá an luach ar airgead ina théama buntábhachtach freisin, toisc go gcaithfear forbairtí amach anseo a chur i gcrích agus na srianta atá ar acmhainní faoi láthair fós i gceist. Is iad seo a leanas na ceithre nithe bhuntábhachtacha dá dtabharfaimid tús áite don chéad dhá bhliain eile:

- Raon na seirbhísí a shainmhíniú, ar mian linn go soláthródh ár seirbhísí dóiteáin don tsochaí;
- Na caighdeáin náisiúnta agus na próisis náisiúnta, a bheidh le húsáid ag gach údarás dóiteáin, a chur in iúl go ríibheacht;
- Ceannairí agus bainisteoirí na seirbhíse dóiteáin a fhorbairt chomh maith leis na hinníúlachtaí, na scileanna agus na córais mheasúnachta do chomhraiceoirí dóiteáin a shainmhíniú agus a fhorbairt;
- Na tosaíochtaí, na targaidí agus na córais tuairisceoireachta a bheidh le húsáid a chur in iúl go ríibheacht, agus córais phraiticiúla

chothromaithe a chur i bhfeidhm lena gcuirfear ar ár gcumas a bheith cinnte dearfa faoi cháilíocht agus éifeachtacht obair ár seirbhísí dóiteáin

Is léir go bhfuil ardmheas ag an bpobal ar na Seirbhísí Dóiteáin agus Tarrthála. Tá íomhá phoiblí an-dearfach ag pobail faoi na seirbhísí a sholáthraítear, mar is ceart go mbeadh. Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun aitheantas a thabhairt do mhíneach agus do thiomantas an phearsanra uile a bhíonn i mbun na seirbhísí dóiteáin agus éigeandála. Chomh maith le bheith ag dul i ngleic le dóiteáin, iarrtar ar chomhraiceoirí dóiteáin dul i ngleic leis an iliomad cásanna éagsúla éigeandála mar chuid den ghnáthamh anois. Tá sláinte agus sábháilteacht an phearsanra a bhíonn ar líne tosaigh na gníomhaíochta fíorthábhachtach amach is amach, agus tá tús áite á thabhairt d'obair le haghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin trí, i measc thionscnaimh eile na Stiúrthóireachta Náisiúnta, Treoir Oibriúcháin Chaighdeánach a fhorbairt d'údarais dóiteáin.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe ar an mBord Bainistíochta agus ar an gCoiste Comhairleach freisin, chomh maith le foireann na Stiúrthóireachta as an obair leis an gCreat seo a fhorbairt. Níl amhras ar bith ann go mbeidh na tosaíochtaí atá leagtha amach sa cháipéis seo dúshlánach chomh maith le bheith ag freastal ar an méid mhór a bhíonn á éileamh ag an bpobal ó na seirbhísí dóiteáin.

David J O Callaghan
Cathaoirleach

Aibreán 2011

Réamhrá

Cúlra

Bunaíodh an Stiúrthóireacht Náisiúnta Bainistíochta Dóiteáin agus Éigeandála (an Stiúrthóireacht) an 22 Meitheamh 2009 mar bheart breise chun teorú agus ceannaireacht lárnach a láidriú agus a sholáthar do sheirbhísí dóiteáin in Éirinn. Cé go n-aithnítear go bhfuil na socrúithe le haghaidh éigeandálaí móra a forbraíodh le blianta beaga anuas ar aon dul leis na cleachtais idirnáisiúnta is fearr, le cruthú na Stiúrthóireachta, tá sé i gceist a chinntiú go mbeidh gnéithe uile eile na seirbhísí dóiteáin ag gluaiseacht sa treo sin.

Is éard atá i gceist áit níos sábháilte a dhéanamh d'Éirinn, trí líon na ndóiteán agus na n-éigeandálaí eile a laghdú, agus trí dhamáiste dá mbarr a mhaolú i gcás go dtarlaíonn siad. Tá sé beartaithe úsáid a bhaint as cur chuige sistéimeach, a bheidh cosúil leis an gcur chuige a úsáidtear le héigeandálaí a bhainistiú, ina mbeidh céimeanna maidir le rioscaí a mheasúnú agus a mhaolú, chomh maith le céimeanna maidir le hullmhacht, freagairt agus téarnamh, sa chaoi is go mbeidh comhleanúnachas i gceist le raon na hoibre a dtabharfar fúithi le sochaí níos sábháilte a chruthú. Léirítear an cur chuige sistéimeach sin le lógó na Stiúrthóireachta Náisiúnta.

Il ndáil le húdarais dóiteáin, samhlaítear go ndéanfaidh an Stiúrthóireacht an méid seo a leanas

- nithe ar chóir tús áite a thabhairt dóibh ó thaobh na forbartha de a chinneadh chomh maith le cineálacha cur chuige i leith forbairt a dhéanamh;
- caighdeán, próisis agus targaidí náisiúnta a fhorbairt agus a fhógairt go forleathan;

- tabhairt faoi obair forbartha a bhaineann le tionscnaimh nua;
- leanúint ar aghaidh le bheith ag tacú le húdarais áitiúla:
 - trí chlár caipitil
 - trí chlár oiliúna lárnach
 - tríd an ggreat reachtaíochta/ rialála
- maoirseacht agus tuairisciú a dhéanamh ar fheidhmíocht na n údarás dóiteáin

Ní seirbhís náisiúnta dóiteáin í an Stiúrthóireacht. Is é an córas rialtais áitiúil a sheachadann an tseirbhís dóiteáin fós agus tá an prionsabal fós ann ó thaobh riachtanais a chinneadh go háitiúil agus seirbhís a sheachadadh go háitiúil. Le cruthú na Stiúrthóireachta, táthar ag cur leis an nascáil láidir atá ann idir an Rialtas áitiúil agus an Rialtas lárnach chun cláir agus tionscnaimh, go seachadófar seirbhís dóiteáin den chéad scoth, a fhorbairt agus a rolladh amach chomh maith leis an nascáil láidir chun monatóireacht a dhéanamh ar na cláir agus na tionscnaimh sin.

Le blianta beaga anuas, táthar tar éis go leor taithe luachmhar a fháil trí obair chomhpháirtíochta idir an Rialtas lárnach agus an Rialtas áitiúil chun

seirbhísí ardchaighdeán a sheachadadh. Tarrainníonn an Stiúrthóireacht as an taithí sin agus soláthraíonn struchtúr cuimsitheach don chomhoibriú ar leibhéal náisiúnta chomh maith le ceannaireacht chuí ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Leagtar amach sa cháipéis seo an cur chuige foriomlán a bhfuil sé i gceist ag an Stiúrthóireacht a ghlacadh, chomh maith leis na nithe dá dtabharfar tús áite, maidir le seirbhísí bainistíochta dóiteáin agus éigeandála na hÉireann a fhorbairt sa chéad chúig bliana eile. Déanfar athbhreithniú ar an gCreat ar bhonn bliantúil, i gcomhairle le Coiste Comhairleach na Stiúrthóireachta.

An Suirbhé Bonnlíne

Ag a chéad chruinniú an 15ú Méan Fómhair 2009, cheadaigh Bord Bainistíochta na Stiúrthóireachta togra go dtabharfaí faoi shuirbhé bonnlíne ar sheirbhísí dóiteáin agus éigeandála na n-údarás áitiúil. Bhí an cur chuige i leith an tsuirbhé bonnlíne múnlaite ar agus forbartha as an taithí a fuarthas ar an bpróiseas "breithmheasa" ar thug na húdarás áitiúla ar fad faoi ag deireadh Chlár Forbartha um Mhóréigeandálaí 2006 – 08. Iarradh ar gach údarás áitiúil cáipéis suirbhé a chomhlánú ina raibh na teidil seo a leanas -

- a. Bainistíocht Seirbhíse
- b. Seirbhísí Dóiteáin a Mhaoiniú
- c. Anailís ar Chaiteachas
- d. Soláthar Foirne
- e. Acmhainní Daonna
- f. Sábháilteacht ó Dhóiteán
- g. Bainistíocht Éigeandála
- h. Oibriúcháin na Seirbhíse Dóiteáin

Sholáthair cáipéisí na suirbhéanna a comhlánaíodh pictiúr cuimsitheach ar sheasamh na n-údarás dóiteáin maidir le raon nithe éagsúla. Chomh maith le bheith ag tabhairt faoi anailís agus tuairiscí a ullmhú maidir leis na teidil/ábhair éagsúla, tá sé i gceist go dtabharfaidh foireann na Stiúrthóireachta cuairteanna ar na húdarais dóiteáin le haithne a chur orthu, mar obair le leanúint leis an suirbhé. Is

éard atá beartaithe a dhéanamh leis na cuairteanna:

- Cinntiú go mbeidh an t-eolas ar fad ag an bhfoireann i ngach údarás áitiúil agus iad iomlán feasach faoin ról atá beartaithe a bheith ag an Stiúrthóireacht maidir le forbairt, tacaíocht agus maoirseacht;
- Dearcaí/ tuairimí a fháil amach agus an rud is tábhachtaí, réitigh a d'fhéadfaí a fheidhmiú i leith fadhbanna a d'fhéadfadh a bheith ann in údarais aonair agus a bhféadfadh an Stiúrthóireacht a chur in oiriúint ar mhaithe le gach údarás dóiteáin; agus
- Cabhrú le húdarais áitiúla agus comhairle a thabhairt dóibh maidir le cúrsaí bainistíochta dóiteáin agus éigeandála.

Gníomh Buntábhachtach Uimh. 1

I rith 2011, foilseofar Creat Forbartha Náisiúnta 2010 – 2015 do na seirbhísí dóiteáin agus éigeandála, chomh maith le treoir/teimpléid chuí bhreise ar féidir le gach seirbhís dóiteáin a úsáid chun socruithe pleanála don tseirbhís dóiteáin áitiúil a ailíniú le nithe dá bhfuiltear ag tabhairt tús áite ar leibhéal náisiúnta.

Ról na Seirbhísí Dóiteáin sa tSochaí

Réamhrá

Tá raon na dtascanna agus na réimsí oibre a dtugann seirbhísí dóiteáin fúthu leathnaithe le fiche nó tríocha bliain anuas. Tá roinnt nó gach ceann de na nithe seo a leanas san áireamh sa “chiseán seirbhísí”, atá á bhainistiú ag Príomhoifigigh Dóiteáin thar ceann na n-údarás áitiúil:

- Oibriúcháin na Seirbhíse Dóiteáin (lena n-áirítear a bheith ag freagairt do dhóiteáin agus do chásanna éagsúla eile lena n-áirítear daoine a tharrtháil)
- Sábháilteacht ó Dhóiteán lena n-áirítear an téarma nua “sábháilteacht an phobail ó dhóiteán”, chomh maith le gníomhaíochtaí eile atá níos fadbhunaithe a bhaineann le hinnealtóireacht ar mhaithe leis an tsábháilteacht, oideachas sábháilteachta agus forfheidhmiúchán na sábháilteachta
- Móréigeandálaí a Bhainistiú
- Foirgnimh a Rialú
- Cosaint Shibhialta
- Foirgnimh Chontúirteacha
- Ceadúnais le haghaidh Imeachtaí Móra
- Substaintí Contúirteacha a Cheadúnú
- Ionaid Oiliúna Réigiúnacha
- Ionaid Cumarsáide Réigiúnacha
- Seirbhísí Leighis Éigeandála a bhaineann le Dóiteáin (Baile Átha Cliath)

Tá ról na seirbhíse dóiteáin tar éis a bheith leathnaithe go suntasach. Dá bharr sin, tá úsáid níos déine á baint as na sócmhainní atá infheistithe sa tseirbhís. Cuimsítear leis sin 220 stáisiún dóiteáin ar fud na tíre, cabhlach na bhfearas agus bonneagar cumarsáide raidió lena gclúdaítear an tír ar fad, chomh maith le thart faoi 3,000 duine sa

phearsanra. Le cois 30,000 dóiteán, tá an tseirbhís dóiteáin tagtha chun bheith ina seirbhís freagartha le haghaidh gach cineáil éigeandála agus freagraíonn sí do thart faoi 20,000 éigeandáil eile gach bliain. I mBaile Átha Cliath, soláthraíonn an tseirbhís dóiteáin seirbhís ar a dtugtar Seirbhís Leighis Éigeandála (EMS) a bhíonn ar bun in otharchairr, agus a phléann le thart faoi 70,000 glao go bliantúil. Is rud é an inniúlacht a sholáthraíonn an tseirbhís dóiteáin, agus í ar fáil 24/7/365 uair an chloig, a chuireann an tsochaí iomlán ar a suaimhneas go pointe agus is acmhainn shuntasach í a chuirtear chun feidhme i raon cásanna éigeandála éagsúla. Tá an t-ardghradam atá saothraithe ag an tseirbhís dóiteáin chomh maith leis an meas atá ag an tsochaí uirthi i gcoitinne ina rud atá le caomhnú agus le méadú. Mar aon le forbairt ó thaobh cúrsaí sóisialta agus eacnamaíocha i gcoitinne, chomh maith le hathruithe ar an tseirbhís phoiblí, is gá athbhreithniú leanúnach a a bheith á dhéanamh ar ról na seirbhíse dóiteáin agus éigeandála.

Cúrsaí ó thaobh na Reachtaíochta de

Is iad na hAchtanna Seirbhísí Dóiteáin, 1981 agus 2003 an reachtaíocht phríomhúil lena rialaítear an tsábháilteacht ó dhóiteán agus soláthar na seirbhísí dóiteáin in Éirinn. Le hAcht 2003, leasaíodh agus láidiríodh go suntasach na forálacha faoi Ailt 18 agus 20 maidir leis an tsábháilteacht ó dhóiteán, lena gcumasaítear d’údarás áitiúil raon gníomhartha comhairleacha/forfheidhmiúcháin a ghlacadh i ndáil le dualgais reachtúla Alt 18 atá ar “dhaoine atá i gceannas” ar áitreabh. Tá feidhmeanna ag údaráis dóiteáin agus feidhmíonn siad faoi raon forálacha reachtaíochta eile freisin a bhaineann le dóiteán agus sábháilteacht an phobail.

Leis an Acht Seirbhísí Dóiteáin, éascaíodh le raon na seirbhísí oibriúcháin a leathnú. Tá ceangal reachtúil ar údaráis dóiteáin le hAlt 10 den Acht:

- (a) *soláthar a dhéanamh chun dóiteáin i bhfoirgnimh agus in áiteanna eile de gach cineál ina limistéar feidhme a mhúchadh go tapaidh agus go héifeachtach agus chun daoine agus maoin a chosaint ar dhíobháil ó dhóiteán agus a tharrtháil ón díobháil sin,*
- (b) *briogáid dóiteáin a bhunú agus a chothabháil, áitreabh a sholáthar agus cibé socrú eile a dhéanamh a mheasann sé is gá nó is inmhianaithe chun na críche sin, agus*
- (c) *socrú leordhóthanach a dhéanamh chun glacadh le glaonna ag lorg cúnamh ón mbriogáid dóiteáin agus chun freagairt do na glaonna sin.*

Le cois a ndualgas reachtúil faoi Alt 10, cumasaítear d'údaráis dóiteáin le hAlt 25 dul i mbun raon freagairtí oibriúcháin.

25 – Féadfaidh údarás dóiteáin aon oibríochtaí de chineál éigeandála a dhéanamh nó cúnamh a thabhairt á ndéanamh, bíodh frontar dóiteáin i gceist nó ná bíodh, agus féadfaidh údarás dóiteáin, dá réir sin, cibé socrú a dhéanamh chun daoine a tharrtháil nó a chaomhnú agus chun maoin a chosaint amháil mar a mheasann sé is gá chun críocha na feidhme sin.

Gníomhartha amach anseo

Is cuí an méid a dhéanann seirbhísí dóiteáin faoi láthair a mheas d'fhonn an soláthar amach anseo a phleanáil. Is iad seo a leanas na réimsí atá le breithniú:

- Seirbhísí dóiteáin na hÉireann i gcomparáid le treochtaí idirnáisiúnta;
- An caidreamh, atá ann go fírinneach agus a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo, idir raon reatha na seirbhísí a sholáthraítear agus freagrachtaí gníomhaireachtaí eile, agus éifeachtacht na socrúithe oibre gaolmhara;

- An mheaitseáil idir infhaighteacht acmhainní agus seirbhís a sheachadadh
- Ceanglais reachtúla na reachtaíochta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair.
- An dúshlán ó thaobh a bheith ag cinntiú go mbainfidh an phearsanra inniúlacht chuí amach agus go gcoinneoidh siad an inniúlacht sin.

Fís

Tá sé i gceist gur cheart gur comhfhís, faoin mbealach a rannchuidíonn na seirbhísí leis an tsochaí, a threoródh na ról a dtabharfaidh seirbhísí dóiteáin fúthu. Rud atá ag gríosadh na físe sin is ea an bunphrionsabal fíorthábhachtach go ndéanfar áit níos sábháilte den tsochaí, trí obair ar leibhéal pobail go príomha – idir obair le dóiteáin agus éigeandálaí a chosc agus a bheith ag freagairt dóibh. Tacaítear leis an idirghníomhaíocht ar an líne tosaigh le hobair riachtanach ar leibhéal na n-údarás áitiúil, agus ar leibhéal réigiúnach, náisiúnta agus go deimhin ar leibhéal idirnáisiúnta, agus trí chomhpháirtíochtaí le heagraíochtaí poiblí agus príobháideacha éagsúla eile.

Áirítear leis an bhfís sin an sármhaitheas ó thaobh seirbhísí a sheachadadh, gairmiúlacht i ngach rud dá dtugtar faoi, ionracas sna cásanna a dtagtar orthu agus meas ar chomhghleacaithe agus ar sheirbhísí eile. I bhfocail eile ba cheart go mbeadh seirbhísí dóiteáin ina n-áiteanna ina mbíonn bród ar dhaoine fónamh mar chuid den fhoireann agus a bheith bainteach leo, agus go n-aithneofaí iad mar áiteanna a bhainistítear go maith agus lena léirítear luach ar airgead sa chaiteachas le hiad a sholáthar.

Gníomh Buntábhachtach Uimh. 2

Roimh dheireadh 2011, foilseofar plécháipéis agus cuirfear clabhsúr le próiseas comhairliúcháin as dtiocfaidh dá thoradh, beartas maidir le ról do sheirbhísí dóiteáin amach anseo, agus socrúithe ábhartha cuí a bheith forbartha maidir le comhpháirtíocht/comhoibriú.

Rioscaí, Riachtanais agus Acmhainní a Mheaitseáil

Caitheann údaráis áitiúla thart faoi €250m faoi láthair óna n-ioncam ar sheirbhísí dóiteáin a sholáthar. Beidh sé dúshlánach infheistíocht bhreise a dhéanamh i seirbhísí dóiteáin, seachas an méid atá i gcláir cheana féin; go deimhin, mar gheall ar a dhonacht is atá cúrsaí airgeadais poiblí agus áitiúil, tá cuspóir coiteann ann go bhféachfaí leis an gcaiteachas poiblí foriomlán a laghdú. Caithfear an infheistíocht i mbonneagar, i dteicneolaíochtaí nua agus i mbealaí nuálacha le bheith ag obair amach anseo a mheas chun seirbhís éifeachtúil éifeachtach a sholáthar. Bainfear úsáid as an gcomhoibriú agus bonneagar agus trealamh á fháil, agus leathnófar socruithe reatha roinnte seirbhíse cibé áit a bhfuil an cás ó thaobh gnó de sách láidir go measfar go bhfaighfear luach níos fearr ar airgead.

Gníomh Buntábhachtach Uimh. 3

Faoi dheireadh 2011, beidh raon táscairí airgeadais forbartha chomh maith le tascairí cuí eile a bhaineann le feidhmíocht, a bhreiseoidh tuiscint ar chostais na seirbhíse dóiteáin, agus déanfar amach de bharr na dtáscairí sin an gaol idir na costais sin agus na rioscaí agus na riachtanais aitheanta.

Cur Chuige, Bunaithe ar Riosca, i leith na Bainistíochta Seirbhíse

An treocht idirnáisiúnta a bhí le sonrú is ea go rabhthas ag taobhú le cur chuige, bunaithe ar riosca, a úsáid i leith soláthar na seirbhíse éigeandála a bhainistiú, seachas le bheith ag brath ar chaighdeán sheasta a mheastar a bheith beagán dolúbtha agus mí-éifeachtúil anois.

Chun cabhrú le cúrsaí maidir leis seo, bhí tionscadal “Anailis Bunaithe ar Riosca” á fhorbairt ar leibhéal

náisiúnta. Is é cuspóir an tionscadail ionchuir ó shonraí stairiúla faoi theagmhais dóiteáin a cheangal le sonraí daonáirimh, sonraí déimeagrafacha agus sonraí bóithre ‘na líne láir’ chun faisnéis maidir leis an mbainistíocht riosca a tháirgeadh a bheidh bunaithe ar aschuir a sainmhíniú roimh ré. Tá sé i gceist go ndéanfar an fhaisnéis a lánpháirtíú ina cuid de ghlúin nua de na “Pleananna Alt 26” reachtúla, agus go dtreoróidh agus go gcabhróidh an cur chuige leo siúd a bhfuil sé curtha de dhualgas orthu cinntí maidir leis an mbainistíocht seirbhíse a dhéanamh i dtaobh an úsáid a bhainfear as acmhainní a bheidh ar fáil, agus cothromaíochtaí cuí a bhaint amach freisin idir tionscnaimh don tsábháilteacht ó dhóiteán agus a bheith ag freagairt do dhóiteáin.

Gníomh Buntábhachtach Uimh. 4

Roimh 2010, eiseofar treoir i ndáil leis an úsáid a bhainfear as sonraí ó thionscadal RBA agus faoin mbealach ar cheart go gcabhródh sé sin le húdaráis aonair Pleananna Alt 26 (nó Pleananna Lánpháirtithe um Bainistíochta Rioscaí), lena mbainfidh formáid nua, a thiomsú. I rith 2011, ullmhóidh údaráis dóiteáin aonair an chéad sraith dá gcuid de Pleananna Alt 26 chun teacht le timthriall pleanála corparáidí na n-údarás áitiúil, agus cruthóidh na húdaráis dóiteáin freisin na chéad pleananna bliantúla forbartha seirbhíse a bheidh ailínithe leis na cuspóirí náisiúnta dá dtugtar tús áite.

Próisis agus Caighdeáin Náisiúnta

Próisis agus Caighdeáin Náisiúnta

Tá corpas coiteann ann de cháipéisíocht agus d'fhaisnéis lena sainmhínítear agus lena dtacaítear le hobair i réimse na seirbhísí dóiteáin agus éigeandála. Bunús idirnáisiúnta atá ag cuid mhór den cháipéisíocht agus den fhaisnéis sin, agus tá sé curtha in oiriúint go cuí do chomhthéacs na hÉireann. I gcúrsaí oibriúcháin, léirítear leis sin an fhíríc gur foirne a bhíonn i mbriogáidí dóiteáin, ag a bhfuil nósanna imeachta réamh-shainmhínithe le haghaidh tascanna, róil a shanntar laistigh de na nósanna imeachta sin agus pearsanra a bhíonn oilete agus á chleachtadh ar na róil sin a fheidhmiú go héifeachtúil de réir na nósanna imeachta.

Is é an tasc buntábhachtach don Stiúrthóireacht corpas treorach nó "dúnghaois" a fhorbairt ar féidir a chur ar fáil go sorochtana i bhformáidí cuí agus a úsáidfidh gach údarás mar bhonn le haghaidh oibríochtaí comhsheasmhacha sábháilte, agus freisin don obair ar fad maidir le sábháilteacht ó dhóiteán agus chun móréigeandálaí a bhainistiú. Ó thaobh na praiticiúlachta de, tá 'córas bainistíochta cáipéisí' lena ngabhadh cur chuige i leith cáipéisí a stóráil agus a nascadh, inmhianaithe, mar gheall ar raon mór na gcáipéisí is dócha a bheidh i gceist.

Oibríochtaí na Seirbhísí Dóiteáin

Tá raon leathan de cháipéisíocht reatha ann, san iomaí formáid agus as an iomaí foinse, a úsáidtear mar bhonn le haghaidh gníomhaíochtaí oibriúcháin,

lena n-áirítear oiliúint. Samplaí is ea iad seo a leanas de "dúnghaois oibriúcháin" na hÉireann:

- An Córas Ceannasaíochta Náisiúnta Teagmhas (2007)
- Úsáid Gaireas Anála sa tSeirbhís Dóiteáin (2007)
- Teipléad Coimhdeach do Ráitis Sábháilteachta (2007)
- Treoir Oibriúcháin Chaighdeánach (2010)

Léirítear leis na cáipéisí sin a bheith ullmhaithe an bhéim a leagadh ar an tsábháilteacht laistigh den tseirbhís dóiteáin agus tá sé i gceist go leanfar ar aghaidh le tús áite a thabhairt don tsábháilteacht a chinntiú in oibríochtaí sna blianta amach romhainn.

Gníomh Buntábhachtach Uimh. 5

Cuirfear sraith chuimsitheach de chaighdeáin náisiúnta agus de phróisis náisiúnta i bhfeidhm agus ar fáil go sorochtana roimh dheireadh 2012 ar bhon cláraithe, agus é de chuspóir ag an obair sin go mbeidh na caighdeáin agus na próisis sin curtha chun feidhme mar chuid den ghnáthamh lárnach ag údarais dóiteáin i gcaitheamh ré an Chreata. Le roinnt den ábhar sin, beifear ag cur le hobair reatha atá ar siúl, lena n-áirítear treoir oibriúcháin chaighdeánach agus caighdeáin oiliúna a fhorbairt, an cur chuige bunaithe ar riosca srl. a fheidhmiú, agus an Stiúrthóireacht a bheith ag glacadh ábhar atá ann cheana féin mar 'dúnghaois oibriúcháin' chomh maith.

Sábháilteacht ó Dhóiteán

Ní le réimse na nOibríochtaí Seirbhíse Dóiteáin amháin a bhaineann coincheap na treorach agus na “dúnghaoise”. I gcúrsaí sábháilteachta ó dhóiteán, tá sé chomh tábhachtach céanna go ndéanfar an obair ar fad de réir próiseas cuí agus úsáid á baint as na caighdeáin náisiúnta ábhartha lena linn.

De bharr reachtaíochta um Rialú Tógála, lena n-áirítear córas “na nDeimhnithe Sábháilteachta Ó Dhóiteán”, cinntíodh gur seiceáladh dearáil le haghaidh foirgneamh ón gcéad chuid de na 1990aidí le cinntiú go raibh caighdeáin náisiúnta um shábháilteacht ó dhóiteán á gcomhlíonadh. Tugann údaráis dóiteáin faoi na scrúduithe spriocdhírthe leanúnacha ar stoc reatha na bhfoirgneamh, ag soláthar róil chomhairligh agus ag úsáid an pharaidím sábháilteachta “Innealtóireacht, Oideachas & Forfheidhmiúchán”, agus úsáid á baint acu as forálacha leathnaithe an Achta Seirbhíse Dóiteáin, 1981 agus 2003. Tá na sochair a bhaineann le cláir náisiúnta tagtha chun cinn sa réimse ó thaobh shábháilteacht an phobail ó dhóiteán de freisin, agus is sampla é Clár na mBunscoileanna a reáchtáladh le déanaí den bhealach gur féidir le húdaráis dóiteáin ábhar a forbraíodh/a foinsíodh ar leibhéal náisiúnta, agus a tugadh isteach le hábhar oiliúna agus tacaíochta oiriúnach, a rolladh amach.

Gníomh Buntábhachtach Uimh. 6

Faoi dheireadh 2010, táirgfear Cáipéis treorach d’údaráis dóiteáin maidir le ráitis indibhidúla a fhorbairt i leith an bheartais um shábháilteacht ó dhóiteán chomh maith le sraith ghaolmhar de nósanna imeachta a bhaineann le tascanna na sábháilteachta ó dhóiteán, lena rialófar obair um shábháilteacht ó dhóiteán. I rith 2011, tiomsóidh údaráis indibhidúla a ráiteas féin i leith an bheartais um shábháilteacht ó dhóiteán, a bheidh ailínithe le agus cuimsithe sna Ráitis Alt 26. Glacaidh agus tosóidh siad freisin ar a bheith ag baint úsáide as na nósanna imeachta náisiúnta agus i gcaitheamh na mblianta 2011 – 2012 neadóidh siad iad sin agus tuairisceoidh siad faoi tionchar na hoibre um shábháilteacht ó dhóiteán agus teicnící meastóireachta cuí á n-úsáid. Déanfar athbhreithniú ar shraith reatha na gcaighdeán um chosc dóiteáin agus déanfar iad a thabhairt cothrom le dáta/ a leathnú ar bhonn leanúnach i gcaitheamh thréimhse an Chreata.

Móréigeandálaí a Bhainistiú

Tá corpas forleathan de "dhúnghaois" forbartha – a bhaineann le Clár Forbartha um Mhóréigeandálaí 2006 – 2008. Áirítear leis sin:

- Creat chun Móréigeandálaí a Bhainistiú
- Trí Cháipéis Threorach Déag
- Prótacail d'Fhreagairt ó Ghníomhaireachtaí Iomadúla do Raon de Cásanna

atá ar fáil ar shuíomh idirlín aonfheidhme www.mem.ie.

Gníomh Buntábhachtach Uimh. 7

I gcaitheamh thréimhse an Chreata, leanfaimid ar aghaidh le bheith ag comhdhlúthú agus ag forbairt socruithe atá ann cheana féin leis an ullmhacht le haghaidh éigeandálaí agus na freagairtí dóibh a chomhordú go cothrománach (idir gníomhaireachtaí) agus go hingearach (áitiúil go náisiúnta), i gcomhar leis na struchtúir chomhordúcháin ábhartha. Déanfaimid socruithe inmheánacha Rannacha a fhorbairt tuilleadh, agus stiúrfaimid ullmhacht na n údarás áitiúil maidir le MEM de réir na gclár náisiúnta.

(m.sh. caighdeáin earcaíochta, córais sláinte ceirde, tacaíocht maidir le cúrsaí leasa, nósanna imeachta casaoide agus smachtaithe) toisc go bhfuil na cuspóirí a bhaineann le beartais agus nósanna imeachta a bheith á gcur i ngníomh go comhleanúnach, chomh hábhartha céanna sna cúrsaí seo.

Gníomh Buntábhachtach Uimh. 8

Roimh dheireadh 2011, beidh sraith na mbeartas ábhartha AD arna forbairt ag an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil glactha agus fógartha go fairsing ag an Stiúrthóireacht Náisiúnta. I gcaitheamh thréimhse an Chreata, cuirfidh údarás áitiúla na beartais sin i ngníomh.

Beartais agus Nósanna Imeachta maidir le hAcmhainní Daonna

Nochtadh leis an staidéar bonnlíne go bhfuil údarás dóiteáin ag baint úsáide as sraith fhairsing de bheartais agus de nósanna imeachta a bhaineann le hAcmhainní Daonna. Ar mhaithe le comhleanúnachas a bhaint amach sna cúrsaí seo freisin, tá sé i gceist go n-áireofaí/go luafaí in athfhriotal laistigh de scóip chlár seo na 'dúnghaoise oibriúcháin' an cur chuige um acmhainní daonna is ábhartha do sheirbhísí dóiteáin, de réir mar a éabhlóidíonn sé agus a fhorbraítear tuilleadh é faoi choimirce na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil (an t-Iar-Bhord Seirbhísí Bainistíochta Rialtais Áitiúil)

Foghlaim agus Forbairt na Foirne

Cur Chuige, Bunaithe ar an Inniúlacht, d'Oiliúint agus d'Fhorbairt Comhraiceoirí Dóiteáin

Chinn an Grúpa Forfheidhmithe Ardleibhéil, a bunaíodh mar chuid den Chlár um Sheirbhísí Dóiteáin a Athrú 2005 - 2007, gur chóir go dtabharfadh na seirbhísí dóiteáin cur chuige bunaithe ar an inniúlacht isteach i leith oiliúint na seirbhíse dóiteáin, a bheadh ailínithe le córas FETAC/NOAI. Tá dul chun cinn suntasach bainte amach i dtreo an t-ailíniú sin le FETAC a chur i ngníomh, agus tá an Stiúrthóireacht ag tabhairt faoi ról maidir le comhordú, forbairt agus dearbhú cáilíochta a bhaineann leis an gcur chuige sin ar leibhéal náisiúnta.

Is é an tionchar foriomlán a bheidh ag an gcur chuige sin, atá bunaithe ar an inniúlacht, go gcinnteofar go mbeidh daoine a earcófar sna seirbhísí dóiteáin amach anseo oilte agus measúnaithe i gcóras a mbeidh a cháilíocht dearbhaithe. Ag an am céanna, do phearsanra reatha na seirbhísí dóiteáin, tabharfar an cur chuige isteach le bheith ina chuid de ghníomhaíochtaí oiliúna reatha ar bhonn clár rollach, lena ngabhfadh timthriallta oiliúna agus measúnachta chun inniúlacht a athnuachan, a thabharfar isteach ar feadh scálaí ama sainmhínithe (m.sh. cláir a mhairfidh trí bliana). Áireofar mar chuid de sin na hinniúlachtaí lárnacha, agus an oiliúint ghaolmhar a bheidh riachtanach do phearsanra na seirbhísí dóiteáin, a shainmhíniú.

Gníomh Buntábhachtach Uimh. 9

Leanfar ar aghaidh leis an obair go mbeidh an oiliúint ar fad ag comhlíonadh rialacha FETAC, d'fhonn is go mbeidh oiliúint ionductúcháin, lena n-áirítear mic léinn a mheasúnú, tiontaithe chuig an bhformáid sin faoi dheireadh 2011. Forbrófar timthriallta na hoiliúna athnuachana inniúlachta d'fhonn is go gcuirfead tús leis an gcéad timthriall trí bliana ag tús 2013.

Cuirfidh an Stiúrthóireacht comhaontú le FETAC, maidir le cáilíocht na hoiliúna a dhearbhu, i gcrích roimh dheireadh 2011.

Oifigigh a Fhorbairt

Soláthróidh an Stiúrthóireacht deis, trí chlár comhbheartaithe um forbairt oifigeach, le hoifigigh na seirbhísí dóiteáin a thabhairt trí phróiseas a bheidh mar bhonn agus mar thaca lena n-inniúlacht do na ról chriticiúla atá acu, agus a chinnteoidh a n-inniúlacht do na ról sin chomh maith. Agus an cur chuige sin á ghlacadh ag an Stiúrthóireacht, is mian léi leanúint ar aghaidh leis an modheolaíocht 'oil an t-oiliúnaí', ina soláthraíonn an leibhéal náisiúnta ionchur do na hoifigigh, a gcuirtear de dhualgas orthu sin dá réir foireann a n-údarais dóiteáin féin a fhorbairt. Caithfidh timthriall maidir le hoifigigh a fhorbairt agus a mheasúnú tarlú roimh an timthriall atá pleanáilte don oiliúnt athnuachana maidir le hinniúlacht comhraiceoirí dóiteáin.

Feictear gur rud tábhachtach é go n-éascóidh an cur chuige i leith na saincheiste maidir le cáilíochtaí oideachasúla na n-oifigeach dóiteáin sinsearach (nasctha le córas HETAC) le cur chuige cuimsitheach i leith dul chun cinn a dhéanann oifigigh ina ngairm agus i leith oifigigh a cheapadh. Tá sé bunriachtanach go mbeidh tréithe agus scileanna na n-oifigeach ailínithe lena ról éagsúla – idir ról bhainistíochta agus oibriúcháin agus ról maidir le móréigeandálaí agus sábháilteacht ó dhóiteán freisin.

Gníomh Buntábhachtach Uimh. 10

Faoi lár 2012, tabharfar Straitéis nua isteach um oifigigh a Oiliúint, a Fhorbairt agus a Mheasúnú, lena sainmhíneofar cur chuige go bhfaighidh agus go gcoinneoidh oifigigh a n-inniúlacht. Cabhróidh an Straitéis nua um oifigigh a Oiliúint, a Fhorbairt agus a Mheasúnú le clár forbartha il sraithe a shainmhíniú lena n-aithneofar taithí agus cáilíochtaí mar dhá rud atá bunriachtanach sa phróiseas le ceannairí na seirbhísí dóiteáin amach anseo a fhorbairt. Déanfar athbhreithniú agus leasú de réir mar is cuí ar cháilíochtaí atá fógartha a bheith ag oifigigh. Beidh cúnamh ar fáil go leanúnach do phearsanra uile na seirbhíse dóiteáin le tabhairt faoi oideachas breise cuí.

Córais um Dhearbhú Cáilíochta agus Tuairisciú Feidhmíochta

Targaidí Náisiúnta a Leagan Síos

Chun sprioc na Stiúirthóireachta a bhaint amach – is é sin go mbeidh seirbhísí ardchaighdeán á seachadadh ar bhealach comhsheasmhach, leagfar targaidí cuí síos a bheidh le comhlíonadh i bhfoirm cláir indibhidiúla a bheidh le rolladh amach, cosúil leis an mbealach a ritheadh an Clár Forbartha um Móréigeandálaí.

Córais um Dhearbhú Cáilíochta

Tá córais um dhearbhu cáilíochta ina ngné dhílis den bhealach a sholáthraítear seirbhísí poiblí na linne seo. De réir mar a bhogann seirbhísí dóiteáin i dtreo a gcórais oiliúna a ailiniú le Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna (FETAC), comhlíonfar na ceanglais atá ag gabháil le córais sheachtracha um dhearbhu cáilíochta agus maoirseacht.

An tasc atá ann don Stiúirthóireacht is ea córais chuí phraiticiúla um dhearbhu cáilíochta a cheapadh agus a thabhairt isteach lena soláthrófar bailíochtú go bhfuil gach gné d'fheidhmíocht na seirbhíse dóiteáin de réir na "dúnghaoise oibriúcháin" ábhartha agus go bhfuil na córais ag comhlíonadh caighdeán, idir chaighdeán a chinntear go náisiúnta agus chaighdeán a chinntear go háitiúil.

Gníomh Buntábhachtach Uimh. 11

Faoi dheireadh 2012, beidh clár um dhearbhu cáilíochta forbartha a úsáidfidh seirbhísí dóiteáin chun iad féin a mheas de réir targaidí náisiúnta.

Foilseofar treoir roimh dheireadh 2013 maidir le córas nua um Piarmheasúnú chun bheith mar bhonn agus mar thaca le measúnacht na n-údarás dóiteáin ar fheidhmíocht.

Feidhmíocht a Thuairisciú

I gcoitinne, tá ardmheas ag an bpobal ar na seirbhísí dóiteáin in Éirinn. Tugtar le fios le suirbhéanna na n-údarás áitiúil ar shástacht na gcustaiméirí go mbíonn leibhéil sástachta an phobail leis an tseirbhís dóiteáin ard go seasta, agus foilsítear roinnt táscairí feidhmíochta maidir le gníomhaíocht na seirbhíse dóiteáin go bliantúil.

Gníomh Buntábhachtach Uimh. 12

Le cois a gnáththuarascála bliantúla ar ghníomhaíocht, foilseoidh an Stiúirthóireacht Náisiúnta, sna blianta níos déanaí a chlúdófar leis an gCreat (2013 go dtí 2015) tuairiscí faoina mhéid is atá seirbhísí éifeachtacha comhsheasmhacha tar éis a bheith bainte amach, ag úsáid na dtáscairí cuí atá forbartha, agus bunaithe ar fhaisnéis na n-údarás áitiúil.

Bonneagar na Seirbhíse agus Tacaíocht Reachtaíochta

Bonneagar na Seirbhíse Dóiteáin

Aithnítear go coitianta go bhfuil forbairt shuntasach déanta ar bhonneagar na seirbhísí dóiteáin le fiche bliain anuas. Is áiseanna nua-aimseartha a tógadh dá gcuaspóir na stáisiúin dóiteáin sin a bhíonn gnóthach go maith. Tá próifíl aoise chabhlach na bhfearas, a bhíonn ar líne tosaigh na húsáide, sásúil i gcoitinne. Aithnítear freisin go bhfuil an saintrealamh a sholáthraítear don tseirbhís ag teacht leis na noirm idirnáisiúnta is fearr.

Ba é Clár Caipitil na Seirbhísí Dóiteáin an fheithicil lenar tacaíodh leis an mbonneagar sin a fhorbairt. Leanann an clár ar aghaidh le meicníocht a sholáthar chun gnéithe sásúla reatha an bhonneagair a chothabháil, agus le bheith ag díriú ar na réimsí sin mar is gá forbairt a dhéanamh go fóill. Áirítear leis sin: stáisiúin dóiteáin is gá a athsholáthar/ a uasghrádú, próifíl aoise chabhlach na bhfearas, a bhíonn ar líne tosaigh na húsáide, a choinneáil ar bun (bíonn amuigh is istigh ar 25 feithicil nua ag teastáil in aghaidh na bliana sa chaoi is nach rachaidh an chabhlach i léig agus nach mbeidh meall mór riachtanas nó easnamh ann i réimsí áirithe amach anseo), cabhlach na bhfearas speisialta a uasghrádú (fearais aeir, tairiscintí i gcás éigeandála srl.) agus áiseanna oiliúna a athsholáthar agus a uasghrádú.

Gníomh Buntábhachtach Uimh. 13

I gcaitheamh thréimhse an Chreata, leanfaidh an Stiúrthóireacht ar aghaidh le bheith ag meas tograí agus le bheith ag infheistiú caipitil chun bonneagar na seirbhíse a chothabháil agus a uasghrádú mar thacaíocht le tosaíochtaí aitheanta. Déanfar athbhreithniú agus uasghrádú ar threoir maidir le próisis soláthair agus ar shonraíochtaí/caighdeáin theicniúla de réir mar is gá.

Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

Tá seirbhísí dóiteáin tar éis a bheith ag obair as láimh a chéile ón gcéad chuid de na 1990aidí chun réiteach i bhfoirm seirbhís roinnte a sholáthar mar chuid dá bhfeidhm reachtúil ó thaobh a bheith ag glacadh le glaonna ar chabhair ón bpobal. Soláthraíonn an Tionscadal um Ghníomhachtú Ríomhchuidithe (CAMP), ata ar bun i dtrí ionad réigiúnacha, córas gníomhachtaithe agus cumarsáide raidió lena gcuimsítear an tír ar fad.

Ar aon dul le forbairtí ó thaobh na teicneolaíochta faisnéise i gcoitinne in údaráis áitiúla, táthar tar éis go leor feidhmchlár a fhorbairt laistigh d'údaráis aonair a bhaineann le cúrsaí ó thaobh na seirbhísí dóiteáin, agus forbraíodh roinnt díobh i gcomhar leis an mBord Seirbhísí Ríomhaire Rialtais Áitiúil (an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil anois).

Tá athruithe suntasacha ar na bacáin do sheirbhísí dóiteáin áfach ó thaobh TFC de. Tá an córas 999/112 á bhogadh ó Eircom chuig cuideachta nua; tá córas raidió truncáilte trastíre (TETRA) á chur i ngníomh don Gharda Síochána, a n aistroidh seirbhísí dóiteáin agus seirbhísí éigeandála eile chuige nuair a thiocfaidh deireadh le ré úsáide na teicneolaíochta reatha VHF. Aithnítear go bhfuil feidhm thacaíochta ag gabháil leis an TFC freisin do go leor de Phointí na nGníomhartha Buntábhachtacha a mholtar sa Chreat seo (m.sh. an ríomhfhoghlaim chun tacú leis an staitéis foghlama agus forbarta atá beartaithe). Meastar gur stuama mar sin a mheasúnú cén riocht ina bhfuil seirbhísí dóiteáin faoi láthair, agus cá háit ina bhféadfadh cur chuige lánpháirtithe ó thaobh na teicneolaíochta tacú ar bhealach níos fearr le feidhmeanna criticiúla agus leis an bpróiseas le seirbhísí a bhainistiú.

Gníomh Buntábhachtach Uimh. 14

Roimh dheireadh 2011, beidh athbhreithniú coimisiúnaithe ag an Stiúrthóireacht (i gcomhar le comhpháirtithe cuí) ar riachtanais na seirbhísí dóiteáin ó thaobh na TFC de, agus an fhíríc á cur san áireamh go mbaineann seirbhísí le heagraíochtaí difriúla ach gur gá dóibh feidhmiú i gcomhar le chéile ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. Úsáidfear an buiséad caipitil chun tacú le tionscadail chuí TFC a bhaineann le cúrsaí bonneagair chun tacú le tosaíochtaí aitheanta agus leis an straitéis fhoriomlán a éiríonn as an athbhreithniú.

dóiteáin agus faoina bhfeidhmíonn na seirbhísí feidhmeanna áirithe.

Is gá don Stiúrthóireacht Náisiúnta súil ghéar a choinneáil ar an gcomhthéacs reachtaíochta le haghaidh seirbhísí dóiteáin, agus a machnamh a dhéanamh faoi reachtaíocht atá mar bhonn agus mar thaca le socruithe i leith éigeandálaí móra agus i leith géarchéimeanna náisiúnta a raibh lámh ag an Stiúrthóireacht iontu sa chéad bhliain ar an saol di.

Gníomh Buntábhachtach Uimh. 15

I gcaitheamh thréimhse an Chreata, leanfaidh an Stiúrthóireacht ar aghaidh le bheith ag déanamh monatóireachta ar fhorbairtí ó thaobh reachtaíochta de, agus ionchur cuí a sholáthar de réir mar is gá. Faoi dheireadh 2013, beidh athbhreithniú déanta ar fhorálacha reatha reachtaíochta.

Reachtaíocht atá mar bhonn agus mar thaca leis na seirbhísí

Feidhmíonn seirbhísí dóiteáin faoi fhorálacha an Achta Seirbhísí Dóiteáin 1981 agus 2003 go príomha, agus tá cúrsaí reachtaíochta ina leith sin réasúnta seasmhach. Tá forálacha reachtaíochta eile ann áfach a théann i bhfeidhm ar na seirbhísí